

Fógra Príobháideachta CRF

Tá an fógra seo á soláthar duit i gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), a bhfuil feidhm aige ó 25 Bealtaine 2018. Ón dáta sin ar aghaidh, leasaíonn an GDPR, chomh maith le ceanglais infheidhmithe Éireannacha, dlí reatha cosanta sonraí agus cuireann sé oibleagáidí breisithe freagrachta agus trédhearcachta ar eagraíochtaí nuair a úsáideann siad d'fhaisnéis. Tugann sé níos mó smachta duit ar d'fhaisnéis phearsanta.

Tóg d'am le do thoil chun an fógra seo a léamh go cúramach. Má tá aon cheist agat maidir leis an mbealach a úsáidimid d'fhaisnéis, téigh i dteagmháil le do thoil lenár n-Oifigeach Cosanta Sonraí trí na sonraí thíos a úsáid.

Baineann an fógra seo le nósanna agus polasaithe príobháideachta an CRF. Níl an CRF freagrach as inneachar nó nósanna agus polasaithe príobháideachta ar shuíomhanna gréasáin eile. Tá gach nasc seachtrach chuig suíomhanna gréasáin eile so-aitheanta.

Cé muid

Is é an Coimisiún um Rialáil Fónais (CRF) rialtóir neamhspleách uisce agus fuinnimh na hÉireann agus tá réimse leathan cúraimí eacnamaíocha, cosanta tomhaltóirí agus sábháilteachta aige. Is é an CRU rialtóir eacnamaíoch d'earnáil fhuíolluisce agus uisce poiblí na hÉireann.

Is é an CRF an rialaitheoir sonraí maidir leis na sonraí a choimeádtar fút ar mhaithe le dlí cosanta sonraí i.e. an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus aon chur i bhfeidhm infheidhme Éireannach.

Cén fáth a bhailimid faisnéis fút

Chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, tá gá ar an CRF faisnéis phearsanta a bhailiú agus a úsáid faoi na daoine aonair a thagann i dteagmháil linn, mar shampla:

- Réiteach gearáin (is féidir le custaiméirí fónais dul i dteagmháil le Cúram Custaiméirí CRF chun tacú lena gearáin le soláthróirí nó oibreoirí líonra);
- Iarratais ar fhaisnéis nó ceisteanna;
- Rochtain phoiblí ar fhaisnéis faoi reachtaíocht a bhaineann le Saoráil Faisnéise / Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol / Cosaint Sonraí;
- Próiseas comhairliúcháin CRU ina dtugtar cuireadh do dhaoine den phobal freagairt;
- Gníomhaíochtaí soláthair phoiblí (tairgeoirí, soláthróirí agus soláthróirí seirbhíse);
- Gníomhaíochtaí ceadúnaithe (chun iarratais ar Cheadúnú, Toiliú, Deimhniúcháin & Clárúcháin a phróiseáil);
- Gníomhaíochtaí a bhaineann le tuairisciú agus le monatóireacht mhargáí miondíola;
- Chun iniúchtaí a dhéanamh ar sholáthróirí fuinnimh;

- Gníomhaíochtaí (achomhairc, gearáin, gníomhaíocht mhídhleathach; imscrúduithe agus forfheidhmiú smachtaithe; monatóireacht agus cigireacht ar Chigirí) a bhaineann le Comhlacht Maoirseachta Sábháilteachta Fuinnimh (Safe Electric agus RGII¹);
- Imscrúduithe agus Teagmhais an Chreata um Shábháilteacht Gháis agus
- Nochtaí Cosanta do Choimisinéirí CRF.

Bailítear an fhaisnéis seo nuair a théann tú i dteagmháil linn le ceist nó iarratas; trí fhoirmeacha a chomhlíonann tú, nuair a thugann tú faisnéis dúinn ó bhéal nó i scríbhinn, nuair a thugann tú cuairt ar oifigí an CRF agus ó na heintitis a rialáimid nó a ainmnímid.

An fhaisnéis a phróiseálaimid fút

Cineálacha Sonraí Pearsanta	Sóirt Sonraí Pearsanta
Ionannas	Ainm, sloinne, teideal, agus faisnéis aitheantais eile a thugann tú (cosúil le sonraí a fhágtar i nglórphoist)
Eolas teagmhála	Seoladh baile, seoladh ríomhphoist, uimhir teileafóin.
Sonraí Custaiméara Uisce nó Fuinnimh	Uimhir Thagartha Gearáin mar a thugtar ag Oibreoir Líonra nó Soláthróir, Uimhir Chuntais, uimhir thagartha méadarphointe (MPRN) / uimhir thagartha gáis (GPRN) / uimhir thagartha uisce (WPRN), an Cineáil gearáin agus céimeanna réitigh.
Sonraí an tairgeora	Sonraí ó CV ball foirne cosúil le cáilíochtaí agus taithí, grianghrafacha má chuirtear ar fáil iad i gcáipéisí tairisceana
Sonraí an tsoláthraí	Eolas teagmhála, sonraí bainc, sonraí CBL agus faisnéis imréitigh cánach
Sonraí páirtithe leasmhara	Eolas teagmhála, ról, nótaí / tionól cruinnithe
Sonraí Iarratasóra ar Cheadúnas & Údarú	Eolas teagmhála, ainmneacha stiúrthóirí cuideachta, Pearsa ata freagrach as tógáil / Innealtóir.

¹ RGII (Clár Suiteálaithe Gáis na hÉireann, nó *Register of Gas Installers of Ireland*); Safe Electric - RECI (Clár Conraitheoirí Leictreachais na hÉireann, nó *Register of Electrical Contractors of Ireland*).

<p>Sonraí margaidh mar a roinntear agus Soláthróirí agus Oibreoirí Líonra ar mhaithe le monatóireacht mhargaidh, iniúchtaí soláthróra a dhéanamh nó cinnteoireacht CRF</p>	<p>Sonraí margaidh mhiondíola bulcfhuinnimh maidir le custaiméirí atá ag athrú, athchaibidlíocht, praghsanna, leibhéil lascaine, fearais 'íoctar mar a úsáidtear' agus fógraí faoina bheith i bhfiacha. MPRN custaiméara fuinnimh / sonraí bulcmhéadair GPRN a bhaineann le dícheangal. Féadfar go bpróiseálfar sonraí breise margaidh mhiondíola ar bhonn cás-ar-chás i gcomhthéacs Iniúchtaí Soláthróirí Fuinnimh a dhéanamh, mar a éilítear sa Lámhleabhar Soláthróra Fuinnimh. Sonraí bulcmhéadair WPRN custaiméara Uisce Éireann.</p>
<p>Sonraí faoi bhaill de nó iarratasóirí ar Safe Electric (RECI) nó RGII (i gcás gur gllac le gearáin nó achomharc)</p>	<p>Eolas teagmhála, cáipéisí a bhaineann le cúlra oideachais agus fostaíochta lena n-áirítear aitheantas, cáilíochtaí proifisiúnta, traenáil scileanna a rinneadh agus sonraí fostaíochta roimhe seo</p>
<p>Suiteálaithe gáis agus conraitheoirí leictreachais neamhchláraithe (nuair a glacadh le gearán)</p>	<p>Comhaid imscrúdaithe agus gníomhartha forfheidhmithe, eolas teagmhála, aitheantas, ráitis a bhaineann le gás neamhdhleathach agus oibreacha leictreachais atá líomhnaithe, cúlra fostaíochta agus cáilíochtaí proifisiúnta</p>
<p>Sonraí Cigirí Safe Electric nó RGII (a dhéantar cigireacht nó iniúchadh orthu)</p>	<p>Ainm, eolas teagmhála, cláruimhir, cúlra fostaíochta, cáilíochtaí proifisiúnta</p>
<p>Sonraí pearsanta a bhaineann le Teagmhais & Imscrúduithe an Chreata um Shábháilteacht Gháis (GSF)</p>	<p>Eolas teagmhála, cineál teagmhais, eolas faoi ghortú, stádas sláinte íospartaigh, tuarascáil imscrúdaithe</p>
<p>Sonraí Nochtaí Cosanta</p>	<p>Eolas teagmhála, eagraíocht, ról</p>
<p>Faisnéis phearsanta eile</p>	<p>Taifeadtaí teileafóin (tugtha dár soláthróir cúraim custaiméirí eisfhoinsithe); íomhánna CCTV ag ár n-oifigí; Faisnéis a bhaineann le iarratais Saorála Faisnéise / Rochtana ar Fhaisnéis faoin gComhshaol / Cosanta Sonraí.</p>

² Leictreachas: MRSO (Oibrítheoir an Chórais Clárúcháin Méadar, nó Meter Registration System Operator), Líonraí Bhord Soláthair an Leictreachais (Líonraí BSL)
 Gás: Oibrítheoir Cláraithe Gáspointí (GPRO, nó Gas Point Registration Operator), Líonraí Gáis Éireann (GNI, nó Gas Networks Ireland)
 Uisce: Uisce Éireann
 Soláthróirí Leictreachais & Gáis: BE Energy, Bord Gáis Energy, Electric Ireland, Energia, Flogas, Go Energy, Just Energy, Panda Power, Pinergy, PrePayPower, SSE Airtricity, Vayu.

Tabhair faoi deara le do thoil: Ní iarrann an CRF ar nó ní éilimid sonraí pearsanta a bhaineann le do leanaí, do stádas sláinte, ciontuithe coiriúla nó aon eolas de chatagóir speisialta / íogair eile in aon cheann dár n-idirghníomhaíochtaí poiblí, cosúil le réiteach gearáin.

Cén fáth a úsáidimid d'fhaisnéis

Urramaímid go hiomlán do cheart chun príobháideachta agus ní bhailimid nó ní phróiseálaimid do shonraí pearsanta ach amháin i gcás de cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí seo a leanas (bunús dlí):

Ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh

1. Ár ngearáin chustaiméara uisce agus fuinnimh a réiteach le do sholáthróir fuinnimh, oibreoir líonra agus Uisce Éireann (mar atá forordaithe faoi I.R. Uimh. 463 de 2011 agus na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce 2013, 2014 & 2017).
2. Eolas a chur ar fáil duit maidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn soláthróirí fuinnimh, oibreoirí líonra nó Uisce Éireann. (Mar atá forordaithe faoi I.R. Uimh. 463 de 2011 agus na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce 2013, 2014 & 2017).
3. Iarratais a phróiseáil maidir le Ceadúnas chun Leictreachas a Chruthú nó Údarú chun Stáisiún Gheiniúna a Thógáil nó a Ath-thógáil nó Ceadúnas Soláthair Leictreachais (faoin Acht um Rialáil Leictreachais, 1999, Alt 14 arna leasú); Ceadúnas Soláthair agus Seolta Gáis Nádúrtha (Faoi Alt 16 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002, arna leasú); Toiliú de bhun Alt 48 agus Alt 49 den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999; Deimhniúcháin Ardéifeachtúlachta TCÉ (mar atá leagtha amach in I.R. 298, 299 agus 499 de 2009); Ceadúnais Sábháilteachta GPL (i gcomhréir le halt 9JE (3) den Acht um Rialáil Leictreachais 1999, arna leasú ag an Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2012); Ceadúnais Líonra faoin alt 14 (1) den Acht um Rialáil Leictreachais 1999 & alt 16 (1) den Acht Gáis 2002; agus Clárúchán REMIT (Rialáil um Shláine agus Trédhearcacht an Mhargaidh Fuinnimh, nó *Regulation on Energy Market Integrity and Transparency*) (I.R. 480 de 2014).
4. Bearta monatóireachta an mhargaidh mhiondíola fuinnimh, i gcomhréir le ceanglais a d'eascair ón 3ú Phacáiste maidir le reachtaíocht Eorpach fuinnimh a trasúidh i dlí na hÉireann ag I.R. Uimh. 450 de 2010 agus I.R. Uimh. 630 de 2011 (na I.R. a rialaíonn leictreachas agus gás, faoi seach).
5. Iniúchtaí a dhéanamh ar sholáthróirí fuinnimh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Lámhleabhar Soláthróirí Leictreachais agus Gáis (an Lámhleabhar Soláthróra), mar Cód Cleachtais a fhorordaítear in I.R. Uimh. 463 de 2011.
6. nó (h) den Acht um Rialáil Leictreachais 1999, nó Ailt 16(1)(a) nó (b) den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002.
7. Éisteachtaí poiblí a stiúradh nuair ata an CRF sásta go bhfuil údar maith le héisteacht phoiblí (mar a fhorordaítear faoin Acht um Rialáil Leictreachais, 1999 Alt 20, arna leasú).

8. Achomhairc chlárúcháin, gearáin agus gníomhartha smachtaithe a bhaineann le hiarratasóirí nó le baill de na Scéimeanna Safe Electric agus RGII a éascú, agus comhroinnt faisnéise maidir le suiteálaithe gáis agus conraitheoirí leictreachais neamhchláraithe a ionchúisíodh. Mar atá forordaithe faoin Acht um Rialáil Leictreachais 1999, arna leasú agus na Cáipéis(i) Critéar.
9. Monatóireacht agus cigireacht ar Chigirí Safe Electric agus RGII a éascú (mar atá forordaithe faoin Acht um Rialáil Leictreachais 1999, arna leasú agus na Cáipéis(i) Critéar.
10. Imscrúdú a dhéanamh ar theagmhais a bhaineann le gás nádúrtha nó gás peitriam leachtaithe (GPL) chun an údar a aithint agus moltaí a dhéanamh maidir le teagmhais a sheachaint amach anseo, mar atá forordaithe faoin Ordú um an tAcht Gáis (Leasú) (Alt 2) (Soláthar) 2003 agus an tAcht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2012. Painéal Achomhairc a bhunú mar atá sainmhínítear san Acht um Rialáil Leictreachais 1999 arna leasú (a rinneadh é a athscrúdú agus a uasdátú go dtí 3 Eanáir 2018).
11. Comhlíonadh le do cearta maidir le faisnéis.
12. Tuairisceáin a ullmhú do na húdaráis iomchuí, lena n-áirítear cáin ioncaim, Cáin ar Sheirbhísí Gairmiúla (PSWT), CBL3 agus tuairisceáin ioncaim eile.
13. Comhlíonadh le hiarratais cheangailteacha ó eagraíochtaí reachtúla, cosúil leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí agus Oifig an Choimisinéara Faisnéise.
14. Comhlíonadh le orduithe cúirte a eascraíonn as imeachtaí sibhialta nó coiriúla.
15. Nochtadh Cosanta chuig an gCoimisinéir sa CRF a éascú mar atá forordaithe ag an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Téarmaí conartha a chomhlíonadh

1. Dul i dteagmháil le soláthróirí seirbhíse agus soláthróirí agus maidir le híocaíocht agus soláthar earraí agus seirbhísí.
2. Poist fholmha a chomhlíonadh agus ar mhaithe le rannpháirtíocht agus íocaíocht fostaithe.
3. Monatóireacht ar agus taifead a dhéanamh de chomhráite nuair a labhraíonn tú ar an teileafón lenár soláthróir cúraim custaiméirí eifhoinsithe (chun anailís agus measúnú a dhéanamh ar an eispéireas cúraim custaiméirí, chun é a fheabhsú agus ar mhaithe le cuspóirí bainistíochta conartha).

Tasc a chomhlíonadh a dhéantar chun leasa an phobail

1. Dul i dteagmháil leat leis an bpost, ar an bhfón nó trí ríomhphost.
2. Ionchur agus léirmheas an phobail ar Chomhchomhairliúchán CRF a éascú.
3. Gearáin fúinn a bhainistiú agus a fhreagairt.

Na háiteanna ar thug tú cead dúinn (is féidir leat é a tharraingt siar am ar bith)

1. Trí fhianáin a úsáid de réir ár de réir ár bPolasaí Fianán.

³ Mar a sholáthraítear ag GNI (Líonraí Gáis Éireann) nó Calor Teoranta.

2. Rí chineáil sonraí speisialta, nó sonraí íogair, a úsáid.

Nuair a iarraidimid ort toiliú, tabharfaimid níos mó eolais duit maidir le conas a bhainfimid úsáid as do shonraí, ag brath ar an gcomhthoil sin.

Chun do leasanna bunúsacha a chosaint

Ó am go ham, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an CRF do shonraí pearsanta a phróiseáil chun leas bunúsach duine aonair a chosaint.

Chun ár n-eagraíocht a fheidhmiú ar bhonn laethúil, lena n-áirítear chun

- Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara: Próiseáiltear eolas teagmhála gnó a bhaineann le páirtithe leasmhara (sonraí pearsanta a bhíonn de ghnáth ar chárta gnó a úsáideann tú agus tú i mbun do chuid oibre) ar mhaithe le cuspóirí dlísteanaigh atá bainteach le gnó.
- Eolas fút a chur le chéile agus a phróiseáil ar mhaithe le hiniúchadh, agus le cuspóirí staitistiúla nó tuairiscithe (lena n-áirítear, i gcásanna áirithe, chun do shonraí a choinneáil anaithnid), ionas go dtabharfar tacaíocht dúinn treochtaí margáí fóntais a thuiscint agus go tabharfar faisnéis dúinn chun tacú lenár bhfeidhmeanna rialála.
- Ár ngnó, cáil, acmhainní agus trealamh a chosaint agus chun córais líonra an CRF agus faisnéis a bhainistiú.
- Slándáil a sholáthair agus chun coireacht a chosc agus aimsiú trí CCTV a úsáid inár n-áitreabh.
- Ár ngnóthaí comhlíonta agus dlí a bhainistiú agus a riar.

Ní phróiseálfaidh an CRF do shonraí pearsanta ach amháin ar mhaithe le na cuspóirí dár bailíodh ar dtús iad, agus ní phróiseálfar iad a thuilleadh ach amháin maidir le na cuspóirí gnó seo a leanas a bhfuil dlúthbhaint acu leis sin:

- sonraí pearsanta a aistriú go dtí cartlann;
- iniúchtaí nó imscrúduithe inmheánacha a dhéanamh;
- rialuithe gnó a chur i bhfeidhm;
- taighde nó anailís staitistiúil a dhéanamh mar is gá;
- ullmhú do c nó páirt a ghlacadh ann;
- seirbhísí comhairliúcháin ghnó nó dlí a úsáid; nó
- saincheisteanna árachais a bhainistiú.

Cé leis a chomhroinnimid d'fhaisnéis

Ní chomhroinnimid d'fhaisnéis ach amháin nuair atá sé riachtanach. Féadfar go gcomhroinnfear d'fhaisnéis sna cásanna seo a leanas agus le na heagraíochtaí seo a leanas.

Freagraí comhchomhairle a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin CRF

- Nuair a fhreagraíonn tú Páipéar Comhchomhairle CRF, ní fhoilseofar do shonraí pearsanta ach amháin má iarr go sonrath tú go ndéanfaimid é sin. I gcás gur iarradh,

foilseofar na sonraí seo ar shuíomh gréasáin an CRF mar chuid de chomhroinnt thrédhearcach de dhearcthaí a bhfuil tionchar acu ar phróiseas déanta cinntí an CRF.

D'ionadaithe údaraithe

- Áirítear leis seo d'aturnae (faoi Chumhacht Aturnae) nó aon pháirtí eile ar thug tú údarás dó do shonraí pearsanta a ghlacadh.

Tríú páirtithe

- Faoi láthair, is é A.R.I. Services Europe Ltd., (ARISE) an soláthróir seirbhíse cúraim custaiméirí atá againn. Is é ARISE an chéad phointe teagmhála don phobal maidir le go leor ceistanna agus gearáin fuinnimh, agus comhroinnimid do shonraí pearsanta leo mar ár bpróiseálaí sonraí ionas go mbeidh siad ábalta an tseirbhís seo a sholáthar duit go héifeachtach. Agus na seirbhísí á soláthar acu, féadfaidh ARISE faisnéis ghlaigh a thaifeadh agus coimeádfaidh siad é seo go sábháilte; tá gach sonraí eile á gcoimeád ar chórais an CRF.
- D'fhéadfadh sé go mbeidh orainn d'fhaisnéis phearsanta a chomhroinnt le soláthróirí fónais nó oibreoirí líonra chun tacú le próiseáil éifeachtúil de do cheist nó gearán.
- Féadfar go gcomhroinnfear sonraí soláthróirí nó tairgeoirí le hÚdarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fónais (NIAUR) sa chás go bhfaigheann an CRF seirbhísí nó go soláthraimid iad thar ceann Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMC) agus gurb é NIAUR comhrialtóir na sonraí sin.
- Bailítear sonraí tairgeora trí www.etenders.gov.ie Is é eTenders ardán leictreonach tairisceana Rialtas na hÉireann a reáchtáiltear ag An Oifig um Shainfháil Rialtais.
- Féadfar go gcomhroinnfear eolas teagmhála gnó a bhaineann le páirtithe leasmhara le tríú páirtí sonracha má mheastar nach n-úsáidfear an fhaisnéis sin ag an tríú páirtí ach amháin chun dul i dteagmháil leat ar mhaithe le cuspóirí dlísteanacha gnó a bhaineann le cúraimí do phoist.
- Nuair a cheanglófar orainn, comhroinnfidimid sonraí faoi bhaill de nó iarratasóirí ar Safe Electric nó RGII (nó suiteálaithe gáis agus conraitheoirí leictreachais neamhchláraithe) leis na comhlachtaí stáit sin maidir le achomhairc chlárúcháin, gearáin, gníomhaíocht mhídhleathach, imscrúduithe smachta agus forfheidhmiú.
- Nuair a cheanglófar orainn, comhroinnfidimid sonraí faoi bhaill den Scéim Safe Electric nó RGII leis na heagraíochtaí agus na baill eile d'éisteacht smachta.
- Comhroinnimid sonraí maidir le Imscrúduithe agus Teagmhais GPL le Líonraí Gáis Éireann (LGE), Flogas agus Calor Gas (mar chuid dár gceanglais dlí) agus leis an Scéim RGI, An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Cumann GPL na hÉireann, na Seirbhísí Dóiteáin agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, chun imscrúduithe a éascú, foghlaim a chomhroinnt agus tacú le seachadadh, dáileachán agus úsáid shábháilte de ghás nádúrtha agus GPL in Éirinn a éascú.

- Baineann an CRF úsáid as soláthróirí seirbhíse chun tacaíocht agus cothabháil chórais agus oibríochta a sholáthar. Áirítear leis seo seirbhísí córais ICT (bainistíocht caidreamh custaiméirí san áireamh), cothabháil ICT (bainistíocht caidreamh custaiméirí san áireamh), forbairt bogearraí, stóráil agus scríos doiciméid, priontáil, cúiréirí, iniúchóirí agus comhairleoirí lena n-áirítear comhairleoirí dlí. Tá d'fhaisnéis phearsanta fós á cosaint agus í á úsáid ag ár soláthróirí seirbhíse.

Eagraíochtaí reachtúla agus rialála (rialtas áitiúil agus láir san áireamh) agus údaráis um fhorfheidhmiú an dlí

- Áirítear leis seo na cúirteanna agus iad siúd a ceapadh ag na cúirteanna, ranna rialtais, eagraíochtaí reachtúla gus rialála lena n-áirítear: An Coimisiún Cosanta Sonraí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise, Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, An Garda Síochána agus na Coimisinéirí Ioncaim.

Táimid dáiríre faoinár gcúraimí slándála nuair a chomhroinnimid do shonraí, agus bainimid úsáid as na bearta teicniúla agus fisiciúla is oiriúnaí agus is réasúnaí ó thaobh na tráchtála de. Déanaimid ár mbearta agus nósanna imeachta slándála a athbhreithniú go minic.

Eagraíochtaí a chomhroinneann d'fhaisnéis leis an CRF

I gcásanna áirithe, éilítear ar sholáthróirí fiontais nó oibreoírí líonra aitheantóirí pearsanta sonracha a chomhroinnt leis an CRF chun ár ról maidir le monatóireacht a dhéanamh ar shaincheisteanna cosanta tomhaltóirí agus comhlíonadh soláthróra sa mhargadh miondíola a éascú. Is é CRF an rialaitheoir sonraí maidir leis na sonraí sin nuair a ghlacfar leo ó na heagraíochtaí seo.

An t-achar a choimeádfaimid d'fhaisnéis

Braithfidh an t-achar a choimeádfaimid do shonraí ar roinnt cúinsí, mar shampla:

- An cineál sonraí atá againn fút.
- An bhfuil oibleagáid dhlíthiúil na sonraí a choimeád ar feadh íostréimhse sonraithe.
- An bhfuil bunús i dtaca le leas an phobail na sonraí a choimeád ar feadh tréimhse sonraithe.
- Má tá cúis mhaith fhianaisebhunaithe na sonraí a choimeád ar feadh tréimhse sonraithe.

De ghnáth, coimeádaimid do shonraí ar feadh tréimhse sonraithe tar éis do d'idirghníomhú linn a bheith críochnaithe.

Coimeádfar sonraí maidir le ceisteanna ginearálta / iarratais ar fhaisnéis / teagmhálacha nó réiteach de ghearáin shimplí ó chustaiméirí ar feadh tréimhse 12 mí, go dtí 24 mí i gcás gearán casta ó chustaiméirí. Fanfaidh freagraí comhchomhairle a foilseofar ar shuíomh gréasáin an CRF ann go deo.

Nuair a théann tú i dteagmháil linn maidir le ceist nó gearán, féadfar go nglacfaidh tú glaoch gutháin agus/nó ríomhphost maidir leis an teagmháil sin. Más fearr leat an chumarsáid sin a sheachaint, cuir ar an eolas muid le do thoil.

Do shonraí a phróiseáil taobh amuigh den LEE

Stóráiltear do shonraí ar chórais shábháilte laistigh d'áitreabh an CRF agus le soláthróirí de stóráil shábháilte faisnéise. D'fhéadfadh go n-aistreoimis nó go dtabharfaimis cead go n-aistreoifaí faisnéis atá againn fút lenár soláthróirí seirbhíse agus le heagraíochtaí eile taobh amuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), ach amháin sa chás go n-aontóidís go ngníomhóidís de réir mar a ordáimid agus go gcosnóidís d'fhaisnéis de réir an chaighdeáin chéanna a bhfuil feidhm aige sa LEE.

Do chearta faisnéise a fheidhmiú

Tá roinnt cearta agat anois maidir le conas a úsáidimid d'fhaisnéis. Má dhéanann tú d'iarratas go leictreonach, déanfaimid, más féidir, an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil go leictreonach ach amháin má iarrann tú a mhalairt.

Tá an ceart agat:

- A fháil amach an mbainimid úsáid as d'fhaisnéis, chun rochtain a fháil ar d'fhaisnéis agus cóipeanna den fhaisnéis atá againn fút a fháil.
- Iarraidh go gceartófar faisnéis mhíchruinn agus go ndéanfar faisnéis neamhiomlán a uasdátú.
- Cur i gcoinne úsáidí sonracha de do shonraí pearsanta a gcreideann tú go gcúisíonn siad dochar nó ciapadh agus sa chás gurb é bunús dlí dár n-úsáid de do chuid sonraí feidhmiú de thasc a bhfuil leas an phobail nó leasa dlisteanacha gnó ag baint leis. Ach má dhéanann tú é seo, d'fhéadfadh sé tionchar a bheith aige ar chríochnú den phróiseas earcaíochta maidir leat. Má tá tú ag iarraidh cur i gcoinne oibríochtaí sonracha próiseála sonraí, leag amach le do thoil cén fáth a bhfuil dochar agus ciapadh suntasacha nach bhfuil call leo á ndéanamh ort mar thoradh ar phróiseáil.
- Do shonraí a scriosadh nó teorainn a chur lena n-úsáid - tá an ceart seo agat in imthosca áirithe. Mar shampla, má dhéanann tú do thoiliú a tharraingt siar, ar thug tú linn roimhe seo, agus mura bhfuil bunús dlí againn é a choinneáil, nó sa chás go gcuireann tú i gcoinne úsáid de do shonraí pearsanta ar mhaithe le leasanna dlisteanacha gnó.
- Cóip inaistrithe de shonraí áirithe a fháil a d'fhéadfaí a chur ar aghaidh chuig soláthróir eile, ar a dtugtar "an ceart chun iniomparthacht sonraí". Tá feidhm ag an gceart sin sa chás go bpróiseáiltear sonraí pearsanta bunaithe ar thoiliú nó ar mhaithe le Conradh a chomhlíonadh agus go ndéantar an phróiseáil trí mhodhanna uathoibrithe. Ní féidir leat gach cuid den fhaisnéis phearsanta a fháil tríd an gceart chun iniomparthacht sonraí is féidir leat a fháil tríd an gceart chun rochtana. Ceadáíonn an ceart chomh maith go n-aistreoifar sonraí go díreach chuig soláthróir eile má tá sé indéanta go teicniúil. Dá bhrí sin, ag brath ar an teicneolaíocht a bhaineann leis, d'fhéadfadh nach mbeimis ábalta glacadh le sonraí pearsanta a aistreoifar chugainn agus ní bheimid freagrach as cruinneas na sonraí sin.
- Do thoiliú a tharraingt siar ag aon uair, má tá an phróiseáil bunaithe ar thoiliú. Má tharraingíonn tú siar do thoiliú, ní bheidh tionchar aige seo ar dhlíthiúlacht na próiseála sular tharraing tú siar do thoiliú.

Chun tacú le d'iarratas, nuair a théann tú i dteagmháil linn, mionsonraigh le do thoil cén fáth a bhfuil do shonraí pearsanta míchruinn, neamhiomlán nó próiseáilte go neamhdhleathach. Tabhair faoi deara go bhfuil seans ann, in imthosca áirithe, nach mbeidh an CRF ábalta d'iarratas a chomhlíonadh mar d'fhéadfadh sé go mbeidh ceanglas dlí orainn na sonraí sin a choimeád.

Tá sé d'oibleagáid orainn freagairt a thabhairt gan mhoill. Den chuid is mó, freagróimid laistigh de mhí féilire amháin. Mura bhfuilimid ábalta déileáil le d'iarratas go hiomlán laistigh de mhí féilire amháin (mar gheall ar chastacht nó ar líon na n-iarratas), féadfaimid dhá mhí féilire a chur leis an tréimhse. Má té sé seo riachtanach, míneoidimid na cúiseanna. Má dhéanann tú d'iarratas go leictreonach, déanfaimid, más féidir, an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil go leictreonach ach amháin má iarrann tú a mhalairt. Chun go mbeimid ábalta freagairt i scríbhinn, tabhair dúinn le do thoil d'ainm iomlán agus seoladh baile (lena n-áirítear d'Eircode).

Is féidir leat tacú linn freagairt a thabhairt ar d'iarratas trí aon sonraí breise a thabhairt dúinn a dtabharfadh tacaíocht dúinn d'fhaisnéis a aimsiú - cosúil le: an cineál sonraí pearsanta lena mbaineann, do chuntas custaiméara nó uimhir thagartha nó cén chaoi a bhfuair CRF do shonraí pearsanta. Tá teimpléid ag an CRF a fhéadfar a sheoladh chugat chun tacú le freagairt ar d'iarratas. Féadfar go n-iarrfar ort fianaise ar do chéannacht a sholáthar chun a áirithiú nach dtabharfar d'fhaisnéis phearsanta don duine mícheart.

Tá ceart agat gearán a chur isteach leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí nó le haon údarás maoirseachta eile.

Is féidir leat dul i dteagmháil leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ag

<https://www.dataprotection.ie/docs/Contact-us/b/11.html>

Fón:	+353 (0)761 104 800 nó Uimhir ÍosGlao 1890 252 231
Facs:	+353 57 868 4757
Ríomhphost:	info@dataprotection.ie
Seoladh Poist:	Coimisiún um Chosaint Sonraí, Teach na Canála, Bóthar an Stáisiúin, Cúl an tSúdaire, Co. Laoise R32 AP23 nó 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2, D02 RD28

Conas dul i dteagmháil linn agus lenár n-Oifigeach Cosanta Sonraí

Má tá aon cheist agat faoin bhfógra seo nó faoi d'fhaisnéis phearsanta sa CRF go ginearálta, lena n-áirítear ceisteanna faoi rochtain ar d'fhaisnéis phearsanta nó é a cheartú, téigh i dteagmháil le do thoil lenár n-Oifigeach Cosanta Sonraí ag

Ar líne: <https://www.cru.ie/home/about-cru/privacy/>

Fón: +353 (0)1 4000800

Ríomhphost: dataprotection@cru.ie

Seoladh Poist:

An CRF, Grain House, The Exchange, Tamhlacht, Baile
Átha Cliath 24, D24 PXW0, Éire

Athruithe ar an bhfógra seo

Déanfaimid an Fógra Príobháideachta seo a uasdátú ó am go ham. Seolfar eolas chugat faoi aon athrú nó beidh eolas ar fáil ar an leathanach seo agus, más cuí, déanfar thú a chur ar an eolas trí ríomhphost nó nuair a théann tú i dteagmháil leis an CRF arís.